Sláinte na n-Óg – Seachtain na Sláinte



1. Maidin amháin, bhí muid inár suí sa rang Gaeilge. Labhair an príomhoide leis na daltaí **ar an idirchum** ar leathuair tar éis a deich. Dúirt sí **go mbeadh** Seachtain na Sláinte ar siúl sa scoil.

2. **Bheadh cluichí foirne ar siúl** idir múinteoirí agus daltaí agus bheadh **ranganna aclaíochta** ar siúl sa halla spóirt. Bhí sceitimíní ar gach duine sa scoil!



3. Bheadh bia sláintiúil **ar fáil sa cheaintín** - Úlla agus oráistí, iógart agus arán donn. Dar leis an phríomhoide, bhí muid ag ithe an iomarca **bianna gasta** sa scoil. Cuireann na bianna seo le **fadhbanna sláinte**.

4. **D'eagraigh siad** siúlóid urraithe agus fuair na daltaí **cártaí urraíochta** ón rúnaí in oifig na scoile. Ba mhaith leo trealamh spóirt a cheannach leis an airgead.

5. Bhí **níos mó eolais** ar fáil óna múinteoirí agus ó fhoireann spóirt na scoile. Mar sin, bhí na daltaí ábalta dul chuig an mhúinteoir corpoideachais nó chuig múinteoir ar bith eile le ceisteanna.

6. **D'éirigh go hiontach le** Seachtain na Sláinte. Chuaigh an príomhoide ar an challaire arís **ag gabháil buíochais leis** na daltaí agus leis na múinteoirí. Seachtain den scoth a bhí ann!